## 1. SONRAÍ PEARSANTA A BHAILÍTEAR AGUS A FHAIGHTEAR

Leagtar amach san Fhógra seo um Chosaint Sonraí (“**Fógra**”) an bonn dlíthiúil ar a n-úsáidfidh SOLAS (“**SOLAS**”, “**muid**” nó “**ár**”) Bloc 1, Teach Chaisleán Foirbis, Bóthar Chaisleán Foirbis, Baile Átha Cliath 1 na sonraí pearsanta (“**Sonraí Pearsanta**”) a sholáthróidh tú agus tú ag líonadh na foirme iarratais do rannpháirtithe (an “**Fhoirm**”) le bheith cláraithe mar shealbhóir chárta Pas Shábháilte. Tugtar sonraí san Fhógra seo faoin gcaoi a bpróiseálfaidh SOLAS do Shonraí Pearsanta chun d’Fhoirm a mheasúnú agus, má éiríonn leat, do chárta Pas Shábháilte (“**Cárta**”) a eisiúint chugat.

## 2. CÉN CHAOI AGUS CÉN FÁTH A bPRÓISEÁLAIMID DO SHONRAÍ PEARSANTA

Leagtar amach sa chuid seo cén chaoi (“**bonn dlíthiúil**”) agus cén fáth (“**críocha**”) a bpróiseálaimid do Shonraí Pearsanta:

**Bonn dlíthiúil:** Do Shonraí Pearsanta a phróiseáil chun ár gconradh leat a thosú agus a fheidhmiú chun na gcríoch seo a leanas: (a) d’Fhoirm a phróiseáil; (b) Cárta a eisiúint chugat; (c) do Chárta a dhearbhú ar bhonn leanúnach; (d) do Chárta a athnuachan nó a athsholáthar sa chás go n-iarrann tú orainn; (e) comhfhreagras a dhéanamh leat maidir leis na seirbhísí thuas; (f) d’fhostóirí reatha nó a d’fhéadfadh a bheith agat a ligean do Chárta a dhearbhú, dá mbeadh cead tugtha agat dúinn é sin a dhéanamh; (g) eisiúint fógraí sábháilteachta i bhfoirm téacs a éascú dá mbeadh cead tugtha agat dúinn é sin a dhéanamh.  D’fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach do Shonraí Pearsanta a phróiseáil le hoibleagáidí dlíthiúil a chomhlíonadh a bhfuil muid faoi réir, lena n-áirítear ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

<u>**TÁBHACHTACH:**</u> Mura gcuireann tú do Shonraí Pearsanta ar fáil dúinn ionas gur féidir linn é a phróiseáil chun na gcríoch thuas, ní féidir linn measúnú nó próiseáil a dhéanamh ar d’Fhoirm, do chárta a eisiúint nó é a athnuachan/a athraigh agus/nó cumarsáid a dhéanamh leat de réir mar is gá.

## 3. NOCHTADH DO SHONRAÍ PEARSANTA

D’fhéadfaimis do Shonraí Pearsanta, ina iomláine nó cuid de a roinnt leis na páirtithe seo a leanas: Aonaid ghnó SOLAS, gníomhairí nó soláthairtí seirbhíse SOLAS lena n-áirítear eagraíochtaí oiliúna/Oidí/Measúnóirí/Monatóirí atá faofa ag SOLAS, d’fhostóirí reatha nó a d’fhéadfadh a bheith agat, Íocaíochtaí Domhanda, an comhlacht priontála cárta atá conartha, údaráis rialtais agus stáit, lena n-áirítear Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta [CIF], an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta [HSA], agus Tulach Mhór (LOETB). D’fhéadfaimis do Shonraí Pearsanta a roinnt le tríú páirtithe má tá ceangal dlíthiúil orainn do Shonraí Pearsanta a nochtadh nó a roinnt le haon oibleagáid dlíthiúil nó reachtúil a chomhlíonadh nó chun feidhm poiblí a iarraidh nó a ghníomhú.

## 4. DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOINNEÁIL

Coinneoimid do Shonraí Pearsanta ar feadh íosthréimhse 7.5 bliain ón uair a théann do Chárta in éag. I roinnt cásanna, beidh orainn do Shonraí Pearsanta a choinneáil do thréimhsí níos faide le hoibleagáidí dlíthiúla atá ina gceangal orainn a chomhlíonadh nó sa chás gur páirtí muid in imeachtaí dlí leat, agus chun seirbhís cliaint leanúnach a chinntiú duit. Beidh orainn do Shonraí Pearsanta a choinneáil ar bhonn seasta sa Bhunachar Scéimeanna Tógála Náisiúnta. Coinneofar do Shonraí Pearsanta go sábháilte de réir an Nóis Imeachta atá ag SOLAS maidir le taifead a choimeád agus a dhiúscairt.

## 5. DO CHEARTA

Is iad seo a leanas na cearta atá agat má tá aon cheist nó údar imní agat maidir le próiseáil do Shonraí Pearsanta.  Is féidir na cearta seo a ghníomhú trí iarratas a chur chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, SOLAS Bloc 1, Teach Chaisleán Foirbis, Baile Átha Cliath, 1.  Cuirfimid eolas ar fáil duit ar aon ghníomh a dhéantar nuair a chuireann tú iarratas isteach maidir le haon cheann de na cearta sin agus beidh an t-eolas ar fáil gan moill mhíchuí, laistigh de aon mhí ón tráth a fhaightear d’iarratais, ar a dhéanaí.  D’fhéadfaimis

síneadh ama a chur leis suas go dtí 2 mhí ar a mhéid, más gá, ach cuirfimid thú ar an eolas, áfach, sa chás go dtarlaíonn sé. Tá sé de cheart agat gearán a chur isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis an bpróiseáil a dhéanaimid ar do Shonraí Pearsanta.

- An Ceart Rochtana
- An Ceart Coigeartaithe
- An Ceart Scriosta
- An Ceart Srianta Próiseála
- An Ceart chun Cur i gCoinne Próiseála
- An Ceart Toilithe a Tharraingt Siar
- An Ceart chun Iniomparthacht Sonraí
- An Ceart Cur in Aghaidh Cinnteoireacht Uathoibrithe

## 6. DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Má tá aon cheist nó údar imní agat faoin bhFógra seo, déan teagmháil le do thoil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí SOLAS ag Oifigeach Cosanta Sonraí SOLAS, Teach Chaisleán Foirbis, Baile Átha Cliath 1.

## 7. ATHRUITHE AR AN bhFÓGRA SEO

D'fhéadfaimis an Fógra seo a athrú ó ham go céile, go hiomlán nó i bpáirt dár rogha féin.

Má chinnfimid ag am ar bith úsáid a bhaint as do Shonraí Pearsanta ar bhealach atá sách difriúil ón mbealach atá luaite san Fhógra seo, nó a dúradh leat ag an am a bailíodh é, cuirfimid ar an eolas tú agus beidh rogha agat cé acu an n-úsáidfimid nó nach n-úsáidfimid do shonraí ar an mbealach nua seo.